# Clár Vacsaínithe Geimhridh don Fhliú agus COVID-19

## Eolas d'Oibrithe Cúram Sláinte



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Eolas d'Oibrithe Cúram Sláinte

## Clár Vacsaínithe Geimhridh 2024-2025 Vacsaíní i gcoinne an Fhliú agus COVID-19

Is ionfhabhtuithe tromchúiseacha víreasacha iad an fliú agus COVID-19, a d'fhéadfadh daoine a chur i mbaol a mbáis.

Má fhaigheann tú na vacsaíní fliú agus COVID-19, ní hamháin go gcosnóidh tú thú féin, ach seachnófar scaipeadh an fhliú agus COVID-19 i measc na ndaoine timpeall ort.

**Léigh go cúramach í.**

Toisc go bhféadfadh ionfhabhtú fliú agus COVID-19 a bheith marfach do d'othair, tá sé thar a bheith tábhachtach an vacsaín fliú agus na vacsaíní i gcoinne COVID-19 a fháil chun leathadh an fhliú agus COVID-19 araon a chosc.

Is féidir leat beatha daoine a shábháil má fhaigheann tú an vacsaín fliú agus na vacsaíní i gcoinne COVID-19.

## Céard is fliú séasúrach agus COVID-19 ann?

Is tinnis víreasacha an-tógálacha iad an fliú agus COVID-19 araon. Bíonn airíonna amhail teocht ard, scornach thinn, pianta sna matáin, tuirse agus tinneas cinn ar an gcuid is mó daoine a bhfuil an fliú nó COVID-19 orthu.

Is féidir leis an bhfliú agus le COVID-19 araon a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach a d'fhéadfadh daoine a chur i mbaol a mbáis. Faigheann 200-500 duine bás de bharr an fhliú in Éirinn gach bliain agus bíonn cúram san ospidéal ó na mílte duine dá bharr. Le linn Geimhreadh 2023/2024, in Éirinn, bhí os cionn 5000 seal san ospidéal mar gheall ar COVID-19 agus beagnach 3000 seal san ospidéal mar gheall ar an bhfliú in othair aosacha.

## Cad iad na haimhréidheanna a bhaineann leis an bhfliú agus COVID-19?

Is féidir le haon duine a bheith buailte ag an bhfliú nó COVID-19 agus d'fhéadfadh aimhréidheanna tromchúiseacha an fhliú a bheith ann ag aois ar bith.

Bíonn an baol is mó galair thromchúisigh agus báis i measc daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte orthu, i measc mná torracha agus i measc seanóirí.

D'fhéadfadh broincíteas, niúmóine agus, go fíorannamh, einceifealaíteas géar, a bheith ina n-aimhréidheanna ar an bhfliú.

D'fhéadfadh niúmóine, géarshiondróm anacra riospráide agus einceifealaíteas, a bheith ina n-aimhréidheanna ar COVID-19.

D'fhéadfadh COVID fadmharthanach a bheith mar fho-iarmhairt fhadtéarmach freisin, agus d'fhéadfadh go mbeadh riosca méadaithe neamhoird duánach agus cardashoithíoch ann a bhaineann le hionfhabhtú COVID-19 roimhe seo.

Is féidir leis an bhfliú agus le COVID-19 riochtaí sláinte atá ar dhuine cheana a dhéanamh níos measa, cuir i gcás galar croí.

Is féidir le hionfhabhtuithe fliú agus COVID-19 le linn toirchis a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach agus méadaítear an baol a bhaineann le breith anabaí, breith réamhaibí agus marbh-bhreith.

## Conas a scaiptear an fliú agus COVID-19?

Scaiptear an fliú agus COVID-19 trí chasacht agus trí shraothartach.

Is féidir an fliú agus COVID-19 a scaipeadh trí do lámh a leagan ar dhromchlaí nó ar nithe a bhfuil víreas orthu agus do lámh a leagan ar dobhéal nó ar do shrón ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh daoine a bhfuil an fliú orthu a bheith ionfhabhtaíoch ó 1–2 lá sula dtosóidh na hairíonna go dtí 3–5 lá tar éis do na hairíonna tosú. D'fhéadfadh daoine a bhfuil COVID-19 orthu a bheith ionfhabhtaíoch ó 2 lá sula dtosóidh na hairíonna go dtí 10 lá tar éis do na hairíonna tosú. **Ciallaíonn sin go bhféadfadh othar leochaileach an víreas fliú nó COVID-19 a tholgadh uaitse fiú sula mbeadh a fhios agat féin go bhfuil tú breoite.**

**Uaireanta, ní bhíonn airíonna ar dhaoine a bhfuil an fliú nó COVID-19 orthu ach bíonn siad fós in ann an t-ionfhabhtú a scaipeadh i measc daoine eile.**

Má tá airíonna fliú nó COVID-19 ort, fan sa bhaile. Ná téigh go dtí an ionaid oibre agus ná tabhair cuairt ar ospidéil, saoráidí cúraim cónaithe ná daoine leochaileacha. Téigh i dteagmháil le do dhochtúir ginearálta.

## Cén fáth a bhfuil an vacsaín fliú agus na vacsaíní COVID-19 de dhíth orm más duine sláintiúil mé?

Oibríonn tú san earnáil sláinte agus mar sin tá tú i mbaol níos mó an fliú agus COVID-19 a tholgadh. Tá an baol deich n-uaire níos airde duitse ná mar atá sé don phobal i gcoitinne. Ciallaíonn sé sin freisin gur dóichí gur féidir leatsa an fliú agus COVID-19 a scaipeadh i measc daoine eile.

D'fhéadfadh sé nach bhfaighidh othair a bhfuil córais imdhíonachta laga acu dóthain cosanta ó na vacsaíní i gcoinne COVID-19 nó ó vacsaíní fliú agus b'fhéidir nach bhfaighidh othair scothaosta dóthain cosanta ón vacsaín fliú iad féin agus mar sin braitheann siad ortsa chun iad a choinneáil slán.

## Cén fáth a gcaithfidh mé an vacsaín fliú a fháil gach bliain?

Athraíonn na víris fliú a bhíonn á scaipeadh ó bhliain go bliain agus mar sin de, athraítear an vacsaín fliú gach bliain chun cosaint ar thréithchineálacha nua an víris fliú a chur ar fáil. Cuireann an vacsaín fliú cosaint ar fáil ar cheithre thréithchineál den víreas fliú.

## Cén fáth a bhfuil teanndáileog eile de vacsaín COVID-19 de dhíth orm?

Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi do vacsaíní COVID-19, fiú má tá vacsaíniú agat cheana féin nó má tá diagnóis COVID-19 faighte agat. Is é an chúis atá leis sin ná d'fhéadfadh an chosaint a fuair tú ón vacsaín COVID-19 a fuair tú cheana, nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 féin, dul i léig le himeacht ama, agus mar sin tá teanndáileog eile den vacsaín COVID-19 ag teastáil uait chun an chosaint a athbhunú. Cuirfidh an teanndáileog den vacsaín COVID-19 an chosaint is fearr ar fáil in aghaidh na n-athraitheach de chuid COVID-19 atá ag scaipeadh.

## Cá fhad a thógann sé ar na vacsaíní tosú ag obair?

Tosaíonn an vacsaín fliú ag obair laistigh de choicís agus tosaíonn an vacsaín i gcoinne COVID-19 ag obair laistigh de chúpla seachtain.

## Cé chomh sábháilte is atá na vacsaíní fliú agus COVID-19?

Tá na vacsaíní fliú agus COVID-19 an-sábháilte ar fad. Tá vacsaíní fliú á dtabhairt le breis is 60 bliain anuas do na milliúin duine ar fud an domhain.

Tá vacsaíní mRNA in aghaidh COVID-19 ar fad agus tugadh do na milliúin duine iad freisin. Níl aon ní is údar imní ó thaobh sábháilteachta de tagtha chun cinn ó tugadh isteach na vacsaíní oiriúnaithe nua aonfhiúsacha XBB.1.5 i bhFómhar 2023. Táthar ag súil go mbeidh sábháilteacht na vacsaíní a ndearnadh nuashonrú antaigineach orthu an-chosúil leis na vacsaíní roimhe seo. Déanann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach monatóireacht leanúnach ar vacsaíní COVID-19.

## Cé hiad na daoine ba chóir vacsaín a fháil?

Moltar na vacsaíní fliú agus COVID-19 do na hoibrithe cúraim sláinte go léir, lena n-áirítear:

- Baill foirne leighis, altranais agus paraimhíochaine
- Scoláirí leighis, altranais agus paraimhíochaine
- Gairmithe agus scoláirí sláinte chomhghaolmhara
- Na foirne uile i gcleachtas dochtúra teaghlaigh
- Pearsanra fiaclóireachta
- Póirtéirí agus glantóirí ospidéil
- Foireann tacaíochta ghinearálta
- Pearsanra otharchairr
- Foireann i seirbhísí míchumais agus seirbhísí cúram sóisialta, go háirithe iad siúd atá i suíomhanna cónaitheacha
- Foireann riaracháin cúraim sláinte
- Cúramóirí
- Lucht cúram sláinte eile a mbíonn i dteagmháil acu le hothair

## Cad iad na vacsaíní atá ar fáil don Chlár Vacsaínithe Geimhridh?

Cuirfidh clár vacsaínithe Geimhridh FSS 2024-2025 na vacsaíní seo a leanas ar fáil do dhaoine fásta:

**Vacsaíní Fliú:**

- Influvac Tetra, a chuireann Viatris ar fáil nó Vacsaín Fliú Cheathairfhiúsach (víorón scoilte, díghníomhaithe), a chuireann Sanofi ar fáil

**Vacsaíní i gcoinne COVID-19**

- An vacsaín nuashonraithe is déanaí Comirnaty mRNA i gcoinne COVID-19, déanta ag Pfizer
- An vacsaín nuashonraithe is déanaí Nuvaxovid in aghaidh COVID-19, déanta ag Novavax (dóibh siúd nach féidir leo vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 a fháil nó arbh fhearr leo gan vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 a fháil)

## Ar chóir d'oibrithe cúraim sláinte atá ag iompar clainne an vacsaín a fháil?

**Ba chóir.** Moltar vacsaín an fhliú shéasúraigh agus teanndáileog COVID-19 do mhná torracha. Moltar í toisc gur mó an baol go dtiocfadh aimhréidheanna tromchúiseacha orthu mar gheall ar an bhfliú agus COVID-19. Is féidir leis an bhfliú agus COVID-19 a bheith ina gcúis le breith réamhaibí, breith anabaí agus marbh-bhreith.

Cosnaíonn na vacsaíní fliú agus COVID-19 mná torracha i rith a dtoirchis agus cuireann siad cosaint leanúnach ar fáil dá leanbh nuabheirthe i rith na gcéad mhíonna dá saol.

Má tá tú ag iompar clainne, léigh bileog fliú FSS do mhná torracha.

## An bhfuil daoine ann nach féidir leo an vacsaín fliú a fháil?

Is féidir leis an gcuid is mó daoine an vacsaín fliú a fháil.

Moltar nach bhfaigheadh iad siúd ar tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) orthu roimhe seo i leith dáileog den vacsaín fliú, nó i leith ceann ar bith dá comhábhair, an vacsaín fliú.

Níor cheart dóibh siúd a bhfuil neodrópéine trom orthu (fuilchealla bána ar leith ar leibhéil ísle) aon vacsaín fliú a fháil; seachas iad siúd a bhfuil neodrópéine uath-imdhíonachta príomhúil orthu.

Ba chóir d'othair atá ag glacadh comhchoscairí seicphointe (e.g. ipilumumab agus nivolumab) labhairt lena dochtúir speisialtóra sula bhfaighfidh siad an vacsaín fliú, toisc go bhféadfadh líon na bhfrithghníomhuithe díobhálacha atá bainteach leis an imdhíonacht a bheith méadaithe.

## An bhfuil daoine ann nach féidir leo an vacsaín COVID-19 a fháil?

Is féidir leis an gcuid is mó de dhaoine an vacsaín COVID-19 a fháil.

Moltar nach bhfaigheadh iad siúd ar tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) orthu roimhe seo i leith dáileoige den vacsaín mRNA COVID-19.

Moltar nach bhfaigheadh iad siúd ar tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) orthu roimhe seo mar gheall ar ghliocól poileitiléine (PEG).

Moltar nach bhfaigheadh iad siúd ar tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) orthu roimhe seo i leith trometamol.

Más rud é gur tháinig anaifiolacsas ort tar éis an iliomaid aicmí difriúla drugaí nó má tháinig anaifiolacsas gan mhíniú, beidh ort dul i gcomhairle le hImdhíoneolaí.

Más rud é go raibh miócairdíteas ort roimhe seo tar éis aon vacsaín COVID-19, beidh ort dul i gcomhairle le Cairdeolaí.

Más rud é go bhfuair tú vacsaín MPOX le déanaí, ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín i gcoinne COVID-19.

## Céard faoi dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu?

Is féidir an vacsaín mRNA COVID-19 a thabhairt do dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu. Is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu an vacsaín fliú a fháil. Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir.

## Cathain ar chóir duit an vacsaín fliú agus vacsaíní i gcoinne COVID-19 a chur siar ar chúis éigin?

Má tá tú breoite, agus má tá do theocht os cionn 38°C, tá seans ann go gcaithfí vacsaíní an fhliú agus COVID-19 a chur siar go dtí go mbeadh biseach ort. Ní mór duit fanacht 6 mhí más féidir, ach 3 mhí ar a laghad, ó d’ionfhabhtú COVID-19 deireanach nó ó do vacsaín COVID-19 deireanach, sular féidir leat teanndáileog COVID-19 a fháil.

## An féidir leis na vacsaíní an fliú nó COVID-19 a chur orm?

**Ní féidir.** Níl víreas beo sna vacsaíní agus ní féidir leo an fliú nó COVID-19 a chur ort.

## An bhfuil an vacsaín fliú agus vacsaíní i gcoinne COVID-19 araon ag teastáil uaim?

**Tá.** Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú agus an vacsaín i gcoinne COVID-19 araon a fháil. Is amhlaidh sin toisc gur víris éagsúla is cúis leis an bhFliú agus le COVID-19.

Tig leis an bhfliú agus le COVID-19 a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach agus, má thagann siad ort, seans go mbeidh ort dul isteach chun an ospidéil. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí sóirt an fhliú agus comharthaí sóirt COVID-19.

Is féidir leat vacsaín i gcoinne COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú má chuirtear ar fáil duit é. Más rud é gur tugadh an vacsaín i gcoinne COVID-19 duit cheana féin, is féidir leat an vacsaín fliú a fháil go fóill. Más rud é gur tugadh an vacsaín fliú duit cheana féin, is féidir leat an vacsaín i gcoinne COVID-19 a fháil go fóill.

## Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

Is éadrom go maith iad na fo-iarmhairtí is coitianta a tharlaíonn, ina measc tinneas, deirge nó at san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh tinneas cinn, fiabhras, pianta, tuirse agus buinneach teacht ar dhuine freisin.

D'fhéadfadh méadú beag a bheith ar fho-iarmhairtí díobhálacha éadroma gearrthéarmacha tar éis vacsaín COVID-19 agus vacsaín an fhliú shéasúraigh a chomhriar. Ina measc sin bíonn pian in áit an insteallta, tuirse, tinneas cinn, agus miailge

Cuimhnigh, mura mbíonn tú ar fónamh tar éis duit vacsaín a fháil, go mb'fhéidir go bhfuil cúiseanna eile leis sin. Ná déan talamh slán de gurb í an vacsaín fliú nó an vacsaín i gcoinne COVID-19 is cúis leis.

Má tá do theocht ard, fan sa bhaile agus cuir glao ar do dhochtúir teaghlaigh maidir le comhairle leighis.

## Cá háit is féidir liom an vacsaín a fháil?

Téigh i dteagmháil le do phiarvacsaíneoir, bainisteoir líne nó ceannasaí fliú.

Tá an vacsaín fliú le fáil saor in aisce ó do dhochtúir teaghlaigh nó ó chógaiseoir freisin.

Chun níos mó eolais a fháil, féach:
**www.hse.ie/flu**

Is féidir leat nasc chuig an mbileog faisnéise d'othair maidir leis na vacsaíní a fháil freisin ag **www.hpra.ie**.

**Ráiteas Príobháideachais:** Chun vacsaín a thabhairt go sábháilte agus chun na sonraí riachtanacha le haghaidh monatóireacht agus bainistiú vacsaíní a thaifeadadh beidh an FSS ag próiseáil do shonraí pearsanta. Beidh na sonraí go léir a phróiseálann FSS i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí éagsúla lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS), agus an tAcht um Aitheantóirí Sláinte, 2014. Próiseálfar do shonraí go dleathach agus go cothrom. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críocha sonracha lena n-áirítear chun vacsaíní a bhainistiú, cláir vacsaínithe a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cliaint a dhearbhú agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.

**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**www.hse.ie/flu**
**Cód Ordaithe: HNI00721**
**Lúnasa 2024**